Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Tuarascáil 2025 maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine



## Stair an Doiciméid

**Tuarascáil 2025 maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine**

| Roinn | Aicmiú Slándála |
|---|---|
| An Rannóg Acmhainní Daonna | |

| Leagan | Dáta Athbhreithnithe | Arna Ullmhú ag | Alt a Athbhreithníodh |
|---|---|---|---|
| Leagan 1 | Feabhra 2026 | An Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI) | An Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI) |
| | | | |

| Úinéir an Doiciméid | Uimhir an Doiciméid | Stádas | Dáta ar Faomhadh é |
|---|---|---|---|
| Príomhfheidhmeannach Cúnta, Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha, an Chlaochlaithe agus na nAcmhainní Daonna | Leagan 1 | Faofa | Aibreán 2026 |

# Ábhair


**1** Réamhrá .......... 4

**2** Creat Reachtaíochta .......... 5

**3** Dualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme laistigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath .......... 7

**4** Gnóthachtálacha maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme .......... 9

4.1 Cumarsáid .......... 9

4.2 Oiliúint .......... 9

4.3 Monatóireacht a dhéanamh ar an Dul Chun Cinn .......... 10

**5** Gnóthachtálacha maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí .......... 11

5.1 An Rannóg Acmhainní Daonna .......... 11

5.2 An Roinn Cultúir, Pobail, Fóillíochta agus Seirbhísí Ceantair .......... 13

5.3 An Roinn um Sheirbhísí Corparáideacha agus um Chlaochlú .......... 15

5.4 An Roinn Tithíochta .......... 16

5.5 An Roinn Pleanála, Réadmhaoine agus Forbartha Geilleagraí .......... 17

5.6 Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath .......... 18

5.7 An Roinn Dlí .......... 20

**6** Teagmháil agus tuilleadh eolais .......... 21

# 1. Réamhrá

Tá stair láidir tiomantais ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don chomhionannas agus do chearta an duine. Mar údarás áitiúil táimid bródúil as freastal ar shaoránaigh uile ár gcathrach ina n-éagsúlacht go léir. Neartaítear an tiomantas seo go dearfach lenár n-oibleagáidí dlíthiúla faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ('Dualgas na hEarnála Poiblí' ), a bunaíodh faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Ligeann Dualgas na hEarnála Poiblí don Chomhairle tógáil ar an bhforas atá againn cheana féin chun idirdhealú agus éagothroime san ionad oibre a chosc agus a dhíothú go réamhghníomhach, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta daonna agus caitheamh lenár bhfoireann, úsáideoirí seirbhíse, custaiméirí, agus gach duine a bhfuil tionchar ag ár bpolasaithe agus ár nósanna imeachta orthu a chosaint. Déantar é sin trí chur chuige níos pleanáilte agus níos sistéamaí i leith an chomhionannais agus chearta an duine agus trí ábhair chearta an duine agus an chomhionannais a leabú ar fud ár bhfeidhmeanna eagraíochtúla.

Féachaimid ar Dhualgas na hEarnála Poiblí mar níos mó ná oibleagáid dhlíthiúil amháin. Is Dualgas dearfach é a d’fhéadfadh cabhrú lenár bhfoireann go léir cur chuige bunaithe ar chomhionannas agus ar chearta an duine a ghlacadh maidir leis an obair a dhéanann siad agus comhionannas agus cearta an duine a chur chun tosaigh agus sa phríomhshruth maidir leis an gcaoi a ndéanaimid go léir ár bhfeidhmeanna a fhorghníomhú. Ligeann sé seo do gach duine oibriú ar bhealaí níos cliste, níos fearr agus níos cuimsithí a mbeidh tionchar dearfach acu ar an ionad oibre, ar an gComhairle agus ar úsáideoirí seirbhíse.

## 2. Creat Reachtaíochta

Leagtar amach Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine na hEarnála Poiblí in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Tá dhá Dhualgas ar leith ach idirnasctha i gceist.

Dualgas leanúnach ar chomhlachtaí poiblí is ea an chéad cheann de na Dualgais Earnála Poiblí sin, ar a dtugtar an Dualgas uileghabhálach. Bunaithe faoi Alt 42(1) d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, ceanglaítear leis an Dualgas Earnála Poiblí sin go dtabharfaidh comhlachtaí poiblí aird ar an ngá atá ann deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint, d'fhostaithe, d'úsáideoirí seirbhíse, do chomhaltaí agus do thairbhithe beartais, ar fud a réimsí feidhme go léir.

Is é an dara ceann de na Dualgais Earnála Poiblí sin, ar a dtugtar an Dualgas straitéiseach, Dualgas na hEarnála Poiblí spriocdhírithe atá le déanamh ag comhlachtaí poiblí mar chuid dá dtimthriall straitéiseach, pleanála agus tuairiscithe. Bunaithe faoi Alt 42(2) den Acht, ceanglaítear leis an Dualgas Earnála Poiblí sin go dtabharfaidh comhlachtaí poiblí faoi thrí chéim chun éifeacht a thabhairt don Dualgas:

**Céim Mheasúnaithe:** Measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine atá os comhair na ngrúpaí aitheanta do Dhualgas na hEarnála Poiblí, le fócas ar na saincheisteanna sin a bhaineann le feidhmeanna agus cuspóir sonrach an chomhlachta phoiblí agus an measúnú sin a chur ar fáil go poiblí trí Phlean Corparáideach an chomhlachta phoiblí.

**Céim an tSeolta:** Na pleananna, na beartais agus na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh nó a bheartaítear a dhéanamh a aithint agus a chur in iúl, trí Phlean Corparáideach an chomhlachta phoiblí, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine a shainaithnítear sa mheasúnú.

**Céim na Tuarascála:** Tuairisciú go bliantúil ar fhorbairtí agus ar ghnóthachtálacha maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm, trí Thuarascáil Bhliantúil an chomhlachta phoiblí.

Toisc go bhfuil siad idirnasctha, is féidir le cur chun feidhme gach Dualgais Earnála Poiblí cabhrú le comhlíonadh an Dualgais Earnála Poiblí eile.

Faoin reachtaíocht is iad seo a leanas na grúpaí sainaitheanta do Dhualgas na hEarnála Poiblí:

- na grúpaí sin a chumhdaítear leis na forais seo a leanas: inscne (lena n-áirítear daoine trasinscneacha agus iad siúd atá ag aistriú); stádas sibhialta; stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus cúramóirí); aois; míchumas; gnéaschlaonadh; cine; creideamh; baill den Lucht Siúil; agus stádas socheacnamaíoch (go háirithe iad siúd atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh nó a bhfuil bochtaineacht agus eisiamh ag bagairt orthu);
- na grúpaí sin a bhfuil na forais sin ina bpáirt acu; agus
- sealbhóirí cearta aonair faoi ionstraimí ábhartha um chearta an duine.

# 3. Dualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme laistigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Tá an Chéim Mheasúnaithe de Dhualgas na hEarnála Poiblí curtha chun feidhme ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath trí thabhairt faoi mheasúnú bunaithe ar fhianaise agus rannpháirteach **Measúnú ar Cheisteanna Comhionannais agus Cearta an Duine** a chreideann sí a bheith ábhartha dá feidhmeanna agus dá cuspóir. Coinníonn an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú an measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine cothrom le dáta de réir mar a éilítear laistigh den timthriall pleanála corparáideach.

Agus Dualgas na hEarnála Poiblí á chur chun feidhme, tá cur chuige bunaithe ar luachanna glactha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Úsáidtear na luachanna sin mar chreat chun ár measúnú ar shaincheisteanna an chomhionannais agus chearta an duine a leagan amach. Is iad a leanas ár luachanna maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine:

- Dínit agus Meas
- Éagsúlacht agus Inrochtaineacht
- Ionchuimsiú agus Ceartas Sóisialta
- Rannpháirtíocht agus Teagmháil a dhéanamh
- Rogha agus Neamhspleáchas

Ar aon dul leis na luachanna a glacadh cuireadh **Ráiteas ar Luachanna Comhionannais agus Cearta an Duine** le chéile. Leis an ráiteas seo déantar tagarmharcáil ar uaillmhian agus tiomantas na Comhairle i leith Dualgas na hEarnála Poiblí do gach luach, trí:

- ráiteas ar thorthaí – gabhtar an t-athrú ba mhaith linn a bhaint amach agus
- sa ráiteas próisis – gabhtar an chaoi a bhfuil sé mar aidhm againn an t-athrú a fhorghníomhú

Tá **plean forfheidhmithe** cruthaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chomh maith agus é cruthaithe tar eis measúnú ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna agus ag freastal le go mbeadh éifeacht ag Cuid 42(1) agus Cuid 42(2) araon de Dhualgas na hEarnála Poiblí.

Tá an plean cur chun feidhme sin ag teacht leis an treoir a d’eisigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC). Feidhmíonn sé chun a chinntiú go

gcomhlíonann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dualgas na hEarnála Poiblí agus go dtugann sí éifeacht leanúnach do na céimeanna is gá chun éifeacht a thabhairt don Dualgas.

Forbraíodh **Leabhar Fianaise chun measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine** freisin. Déantar doiciméadú ansin ar an taighde a úsáidtear don mheasúnú agus tá sé saincheaptha lena úsáid ag ranna mar fhoinse sonraí agus faisnéise.

Tá na doiciméid seo go léir ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ar leathanach Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. [Cliceáil anseo chun teacht ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.]

Chun tacú le ranna comhlíonadh Dhualgas na hEarnála Poiblí a léiriú, dhear an Chomhairle teimpléad **Measúnú Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine (EHRIA)** agus **Tuarascáil Bhliantúil de chuid na Roinne** chun cabhrú le ranna dul chun cinn a rianú maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme agus chun aird a tharraingt ar ghnóthachtálacha maidir le dul i ngleic le saincheisteanna comhionannais agus cearta an duine. Forbraíodh **Treoir maidir leis an Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine a chur chun feidhme** agus Réamhrá maidir le físeán oiliúna foirne Dhualgas na hEarnála Poiblí chun cabhrú leis an bhfoireann a n-oibleagáidí faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí agus a bhfreagrachtaí maidir lena chur chun feidhme a thuiscint.

Tá Roinn Acmhainní Daonna na Comhairle freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme leanúnach Dhualgas na hEarnála Poiblí ar fud na Comhairle, trína hOifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú. Tá foireann ardbhainistíochta gach roinne freagrach freisin as cur chun feidhme leanúnach a roinne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí trí thiomantais na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus um Dhualgas ar Chearta an Duine a shainaithint ar bhonn bliantúil agus trí ghníomhaíochtaí a chumasú dá gcur chun feidhme, laistigh dá bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil roinne. Tuairiscíonn an tOifigeach um Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithiú ar bhonn démhíosúil freisin ar ghnóthachtálacha maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme ar Choiste Comhionannais chorparáidigh.

# 4. Gnóthachtálacha maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme

Is gnóthachtálacha iad sin maidir le plean foriomlán cur chun feidhme Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

## 4.1 Cumarsáid

- Rannóg tiomnaithe faisnéise faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí a fhorbairt agus a chur chun cinn ar shuíomh inlín na Comhairle CitiDesk. Feidhmíonn an fhaisnéis ar an suíomh seo mar réamhrá ar Dhualgas na hEarnála Poiblí d’fhoireann na Comhairle, ag soláthar cáipéisí tacaíochta, teimpléid, agus treoirlínte chun cabhrú le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme do na gealltanais shonracha a aithníodh chun dul faoin bpróiseas Dualgais.
- Leathanach tiomnaithe a chruthú ar Dhualgas na hEarnála Poiblí ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Leis an suíomh seo cuirtear feasacht an phobail ar Dualgas na hEarnála Poiblí agus ar an gcaoi a bhfuil sé á chur chun feidhme laistigh den Chomhairle chun cinn. Leagtar amach ann ár ngealltanais bhliantúla maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí agus déantar tuairisciú ar an dul chun cinn agus ar na gnóthachtálacha gach bliain.
- Rinneadh cur chun cinn ar Dhualgas na hEarnála Poiblí ag seisiúin ionduchtúcháin/ionduchtaithe, ag ceardlanna do bhainisteoirí agus laistigh de Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.
- Rinneadh cumarsáid leanúnach ar Dhualgas na hEarnála Poiblí trí fheasachán inmheánach na Comhairle, nuashonruithe trínár leathanach ar CitiDesk agus trí ríomhphost.

## 4.2 Oiliúint

- Forbraíodh réamhrá leis an bhfíseán maidir le Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine de chuid na hEarnála Poiblí d’ardán ríomhfhoghlama na Comhairle chun cabhrú le baill foirne tuiscint a fháil ar a ndualgais faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí agus ar a bhfreagrachtaí maidir lena chur chun feidhme. Ar chríochnú an fhíseáin oiliúna agus an cheistneora, eisítear deimhniú um chur i gcrích don fhoireann.
- Sraith seimineár gréasáin ar shaincheisteanna míchumais a óstáil ar shuíomh inlín na Comhairle CitiDesk.
- Oiliúint a chur ar gach ball foirne a bhfuil baint acu le feidhmiú céimneach na ngealltanas maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí ag comhairleoir Comhionannais.

## 4.3 Monatóireacht a dhéanamh ar an Dul Chun Cinn

- D’fhorbair an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú teimpléad le haghaidh Tuarascáil Bhliantúil na Roinne do phróiseas Dualgas na hEarnála Poiblí. Scaiptear é sin ar gach roinn ag deireadh gach bliana. Ceanglaítear ar gach roinn a ndul chun cinn agus a ngnóthachtálacha a sholáthar maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme.
- Mír bhuan ar chruinnithe Choiste Comhionannais na Comhairle is ea dul chun cinn a thuairisciú maidir le cur chun feidhme Dualgas na hEarnála Poiblí.

# 5. Gnóthachtálacha Dhualgas na hEarnála Poiblí

D'ainmnigh ranna na beartais, na pleananna agus na straitéisí seo a leanas de chuid na Comhairle Cathrach mar ghealltanais maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí i bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2025 (ASDP -Annual Service Delivery Plan). Liostaítear Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) nuair atá siad ar fáil i ndáil le gach roinn. Thug gach ceann de na beartais, pleananna agus straitéisí Measúnú Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine (EHRIA) i gcrích mura léirítear a mhalairt. Tabharfar aon bheartais, pleananna agus straitéisí nár chríochnaigh a ngealltanas maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí in 2025 ar aghaidh isteach i bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2026.

## 5.1 An Rannóg Acmhainní Daonna

| Beartas, Plean, Straitéis | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Nuashonrú ar an Dul Chun Cinn |
|---|---|---|
| Cód cleachtais i ndáil le hobair gan teorainneacha chun daoine faoi mhíchumas a fhostú | Athbhreithniú Beartais | • Measúnú tionchair i ndáil le Comhionannas agus Cearta an Duine curtha i gcrích ar an gCód Cleachtais um Obair gan Teorainneacha |
| | Nochtadh míchumais foirne a mhéadú | • Foirm nochta míchumais a fhorbairt chun baill foirne a spreagadh chun nochtadh míchumais a dhéanamh leis an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú |
| | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a phoibliú mar fhostóir dearfach do mhíchumas | • Córas bunaithe chun ríomhphoist ráithiúla a sheoladh chuig Cónaidhm na hÉireann um Míchumas chun iarratasóirí faoi mhíchumas a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar phoist le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| | Feasacht a ardú ar an ngá atá le cumarsáid inrochtana | • Treoirlínte Faisnéise Inrochtana Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath athbhreithnithe agus á scaipeadh arís ar gach ball foirne<br>• Réimsí feabhsúcháin aitheanta do bhaill foirne atá dall agus lagamhairc a úsáideann teicneolaíocht chúnta léitheora scáileáin<br>• Réimsí feabhais aitheanta do bhaill foirne atá Bodhar chun a chinntiú go bhfuil fotheidealú ar fáil do gach taifead ar chruinnithe |

| | | |
|---|---|---|
| | Feasacht na foirne ar shaincheisteanna míchumais a mhéadú | • Sraith seimineár gréasáin a óstáil ar shaincheisteanna míchumais agus conas is féidir tacú leo san ionad oibre ar shuíomh inlín Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath CitiDesk |
| | Eolas a chur ar fáil don fhoireann agus do bhainisteoirí maidir le cóiríocht réasúnta san ionad oibre | • Nós imeachta um Iarratas Réasúnta ar Chóiríocht a fhorbairt |
| | Faisnéis a sholáthar maidir le húsáid ionad inrochtana | • Treoir maidir le Fruiliú Ionaid Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas atá san áireamh sna Treoirlínte maidir le Faisnéis Inrochtana a rinneadh a scaipeadh arís ar gach ball foirne |
| | Naisc a chothú le hEagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | • Tá Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas mar chuid den ghrúpa oibríochta do Phróiseas Comhairliúcháin na nEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas |
| | Oiliúint Feasachta Foirne | • Rinne triúr ball foirne san Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú oiliúint ar Dhualgas Comhionannais agus Cearta an Duine de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag comhairleoir Comhionannais agus freisin cúrsa ríomhfhoghlama Comhionannais agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí de chuid IHREC |

| **Beartas, Straitéis Phlean** | **Nuashonrú ar an Dul Chun Cinn** |
|---|---|
| Polasaí Promhaidh | • Feasacht na foirne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a ardú: Chuir triúr ball foirne a raibh baint acu le hathbhreithniú an Bheartais oiliúint ar Dhualgas Comhionannais agus Cearta an Duine Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcrích leis an gcomhairleoir Comhionannais<br>• Measúnú tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine curtha i gcrích ar an mbeartas Promhaidh |

## 5.2 An Roinn Cultúir, Pobail, Fóillíochta agus Seirbhísí Ceantair

| Beartas, Plean, Straitéis | Nuashonrú ar an Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Plean Forbartha Ealaíon Chathair Bhaile Átha Cliath | • Líon na dtionscnamh a rinneadh chun sainriachtanais na ngrúpaí aitheanta maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a shainaithint agus freagairt dóibh chun rochtain agus rannpháirtíocht a chumasú<br>• Comhairliúcháin le baill de ghrúpaí aitheanta a reáchtáladh roimh chlár fhéile na hóige, Cruinniú na nÓg<br>• Comhairliúcháin le baill de ghrúpaí aitheanta a tionóladh mar ullmhúchán d'fhorbairt bheartas na hOifige um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú<br>• Sonraí déimeagrafacha a bailíodh d'iarratasóirí ar dheontais ealaíon 2024 agus 2025<br>• Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú sa Bheartas Ealaíon atá i bhfeidhm agus Straitéis atá curtha chun feidhme<br>• Measúnú tionchair ar Chomhionannas agus Cearta an Duine curtha i gcrích ar an bPlean Ealaíon 2025 – 2029<br>• Líon na ngníomhaíochtaí a rinneadh chun cur le cumas na foirne maidir le comhionannas agus éagsúlacht, san Oifig Ealaíon agus in eagraíochtaí comhpháirtíochta, agus líon na rannpháirtithe<br>• Feasacht na foirne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a ardú: Chríochnaigh ball foirne amháin modúl ríomhfhoghlama de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí agus rinne ball foirne amháin oiliúint ar Dhualgas Comhionannais agus Cearta an Duine Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chuir Comhairleoir Comhionannais ar fáil<br>• Chríochnaigh ball foirne amháin modúil leibhéal 9 i gCearta an Duine agus Comhionannas agus Teoiric Chothromaíoch<br>• Líon na ngníomhaíochtaí a rinneadh chun Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme agus an plean sin á fhorfheidhmiú, i dtaca le beartais nua a fhorbairt agus i rannpháirtíocht le heagraíochtaí comhpháirtíochta<br>• Fostaíodh an comhairleoir Olwen Dawe chun tacú le beartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a fhorbairt |

| | |
|---|---|
| | • Dul i gcomhairle go foirmiúil le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon maidir le saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas mar ullmhúchán d'fhorbairt bheartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú<br>• Baill fostaithe de ghrúpaí aitheanta trí fhorálacha ealaíon pobail agus for-rochtana lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do chlár féilte na hOifige Ealaíon, clár na gCoimisinéirí Saoránach, Forbairt Pobail agus Deontais Ealaíon Comharsanachta agus tacaíocht d'ealaíontóirí aonair ó Ghrúpaí aitheanta<br>• Feabhsuithe a dhéantar i mbailiú agus in anailísiú sonraí comhionannais chun éagsúlacht a rianú i measc an lucht féachana atá gafa, na rannpháirtithe cumasaithe, agus an ealaíontóra/na n-ealaíontóirí a dtacaítear leo<br>• Bailiú feabhsaithe sonraí déimeagrafacha do Dheontais Ealaíon 2025 tar éis anailís a dhéanamh ar shonraí 2024<br>• Pleananna Ealaíon limistéar-shonracha a fhorbairt a fhreagraíonn do riachtanais gach réimse riaracháin den Chomhairle Cathrach, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais shonracha éagsúlacht na bpobal laistigh de na limistéir riaracháin sin<br>• Plean Ealaíon do cheantar faoi leith á fhorbairt do cheantar Chluain Ghrífín/Bhéal Maighne |
| | |
| Plean Forbartha Leabharlainne | • Rinneadh measúnú tionchair um Chomhionannas agus Cearta an Duine ar Phlean Forbartha na Leabharlann. Tá an Plean fós le foilsiú (tráth na tuarascála seo)<br>• Feasacht na foirne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a ardú: Chríochnaigh beirt bhall foirne oiliúint maidir le Dualgas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Chomhionannas agus Cearta an Daonna, arna chur ar fáil ag Comhairleoir Comhionannais |
| | |
| Straitéis Aoisbháúil Chathair Bhaile Átha Cliath | • An chéad chéim den phróiseas um Measúnú Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine (EHRIA) curtha i gcrích<br>• Athbhreithniú ar siúl maidir leis an straitéis<br>• Mír atá le tabhairt ar aghaidh mar ghealltanas Dualgais isteach i bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2026 |

| | |
|---|---|
| | • Feasacht na foirne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a ardú: Chuir naonúr ball de Chomhghuaillíocht Aoisbhá Chathair Bhaile Átha Cliath oiliúint ar Dhualgas Comhionannais agus Cearta an Duine de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcrích i dteannta comhairleoir Comhionannais |
| | |
| Straitéis Páirceanna Chathair Bhaile Átha Cliath | • An chéad chéim den phróiseas um Measúnú Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine (EHRIA) curtha i gcrích<br>• Athbhreithniú ar siúl maidir leis an straitéis<br>• Mír atá le tabhairt ar aghaidh mar ghealltanas Dualgais isteach i bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2026<br>• Feasacht na foirne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a ardú: Tá oiliúint ar Dhualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath curtha i gcrích le comhairleoir Comhionannais chomh maith le cúrsa ríomhfhoghlama um Chomhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ag ball foirne na Seirbhísí Páirceanna |

## 5.3 An Roinn um Sheirbhísí Corparáideacha agus um Chlaochlú

| Beartas, Plean, Straitéis | Nuashonrú ar an Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Plean Gníomhaíochta Custaiméara 2025-2027 | • Rinneadh measúnú tionchair um Chomhionannas agus Cearta an Duine ar an bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2025-2027. Táthar ag fanacht le forbairt a dhéanamh ar an bPlean maidir leis an Straitéis ar Eispéireas Custaiméirí sula bhfoilseofar é<br>• Feasacht na foirne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a ardú: Rinne beirt bhall foirne oiliúint ar Dhualgas Comhionannais agus Cearta an Duine de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag comhairleoir Comhionannais |
| | |
| Straitéis Bunathraithe Digití | • Measúnú tionchair um Chomhionannai agus Cearta an Duine curtha i gcrích ar an Straitéis um Chlaochlú Digiteach |

| | |
|---|---|
| | • Feasacht na foirne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a ardú: Rinne seisear ball foirne oiliúint ar Dhualgas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Chomhionannas agus Cearta an Duine i dteannta comhairleoir Comhionannais.<br>• Tá ardán Mol na Saoránach WCAG 2.2 comhlíontach.<br>• Aithníodh teorainneacha inrochtaineachta le M365 SharePoint Online agus tá siad ag imscrúdú réiteach ar bhonn gníomhach. Tá an Fhoireann Seirbhísí Digiteacha ag giaráil cumas inmheánach Ardáin Chumhachta.<br>• Tá an t-ardán comhairliúcháin (engage.dublincity.ie) ag obair le hEagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas chun inrochtaineacht agus cuimsitheacht a neartú.<br>• Tá gach ardán comhlíontach don ghléas, ag cinntiú gur féidir le gach úsáideoir rochtain a fháil ar sheirbhísí ó aon ghléas, lena n-áirítear iad siúd atá ag brath ar fhón póca amháin. |

## 5.4 An Roinn Tithíochta

| Beartas, Plean, Straitéis | Nuashonrú ar an Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Plean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean | • Measúnú tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine curtha i gcrích ar an bPlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean<br>• Sainaithníodh roinnt Príomhtháscairí Feidhmíochta ag gabháil faisnéise maidir leis na grúpaí sainaitheanta faoin bplean seo<br>• Feasacht na foirne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a ardú: Chríochnaigh 52 bhall foirne cúrsa ríomhfhoghlama um Chomhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas<br>• Chríochnaigh sé bhall foirne déag oiliúint Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Chomhionannas agus Cearta Daonna i dteannta comhairleoir Comhionannais<br>• Seirbhís aistriúcháin i seirbhís láir socrúcháin |
| Athbhreithniú comhionannais a dhéanamh ar Mheasúnú ar Easpa Dídine an Údaráis Áitiúil | • Tá athbhreithniú litríochta curtha i gcrích, agallaimh déanta agus tuairisc ullmhaithe agus á athbhreithniú<br>• Mír atá le tabhairt ar aghaidh mar ghealltanas Dualgais isteach i bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2026 |
| Scéim Leithdháilte Tithíochta | • Tá tús curtha leis an obair ullmhúcháin tosaigh agus tá sí faoi lán seoil i gcónaí |

| Beartas, Plean, Straitéis | Nuashonrú ar an Dul Chun Cinn |
|---|---|
| | • Mír atá le tabhairt ar aghaidh mar ghealltanas Dualgais isteach i bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2026 |

## 5.5 An Roinn Pleanála, Réadmhaoine agus Forbartha Geilleagraí

| Beartas, Plean, Straitéis | Nuashonrú ar an Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Straitéis do Gheilleagar Oíche Chathair Bhaile Átha Cliath | • Measúnú tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine curtha i gcrích ar Straitéis Gheilleagar Oíche Chathair Bhaile Átha Cliath<br>• Feasacht na foirne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a ardú: rinne beirt bhall foirne oiliúint ar Dhualgas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Chomhionannas agus Cearta an Duine le comhairleoir Comhionannais a chur i gcrích<br>• Tugadh tacaíocht dó nó rinne bainistiú ar beagnach 200 imeacht cultúrtha déanach san oíche ar chostas íseal nó saor in aisce faoi dheireadh 2025, rud a leathnaíonn rochtain orthu do phobail éagsúla agus do ghrúpaí ar éagsúlacht ioncaim<br>• Bunaíodh Crios Cabhrach Oícheanta Bhaile Átha Cliath (Nee-Naw) chun tacaíocht leasa, leighis agus phraiticiúil a chur ar fáil, ag cinntiú go mbraitheann daoine sábháilte agus iad ag baint sult as an gcathair san oíche<br>• Tuairiscí ar theagmhais rianaithe de réir cineáil agus déimeagrafaice (nuair atá siad ar fáil), agus fócas ar eispéiris na mban agus na ngrúpaí leochaileacha i ngeilleagar na hoíche<br>• I gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair maidir le feabhsuithe ar iompar déanach san oíche, ag laghdú bacainní do shealoibrithe, do mhic léinn, agus dóibh siúd atá ag brath ar an iompar poiblí<br>• Rinneadh an t-ardán oiliúna ar líne Slán Sábháilte a rolladh amach chun scileanna praiticiúla a thabhairt d'oibrithe fáilteachais éagsúla maidir le sábháilteacht, cuimsitheacht agus bainistiú coinbhleachta<br>• Rinneadh comhairliúcháin rialta le cónaitheoirí, gnólachtaí agus grúpaí cultúrtha chun a chinntiú go múnlaíonn guthanna éagsúla tionscnaimh oíche agus an chinnteoireacht ina leith<br>• Rinneadh an chóir chothrom agus dálaí oibre sábháilte a chur chun cinn i ngeilleagar na hoíche trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara tionscail |

## 5.6 Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath

| Athbhreithniú ar Chomhionannas | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Nuashonrú ar an Dul Chun Cinn |
|---|---|---|
| Tar éis an Athbhreithnithe ar Comhionannas Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, Plean Gníomhaíochta 3 bliana Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath um Chomhionannas a chur chun feidhme agus fócas inti ar na gníomhaíochta tosaíochta seo a leanas:<br>• Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar fisiciúil BDBÁC chun a chinntiú go mbeidh saoráidí leasa stáisiúin oiriúnacha agus iomchuí á gcur ar fáil do gach inscne<br>• Gné for-rochtana a chur san áireamh i ngach feachtas earcaíochta de chuid BDBÁC chun rannpháirtíocht grúpaí mionlaigh a spreagadh | Feasacht na foirne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a mhúscailt | • Tá oiliúint maidir le Dualgas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Chomhionannas agus Cearta an Duine curtha i gcrích ag breis agus 550 ball foirne go dtí seo idir fostaithe nua-earcaithe agus cúrsaí forbartha d'oifigigh |
| | Moltaí a eascraíonn as Athbhreithniú Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath maidir le Comhionannas a chur chun feidhme chun comhionannas agus ionchuimsiú san ionad oibre a fheabhsú | • Uasghráduithe leasa agus saoráidí a bhaineann go sonrach le hinscne ar siúl ar fud iliomad stáisiún; feasacht ar ionchuimsiú comhtháite i bpróisis bhainistíochta inmheánaí – cúrsaí forbartha. Rannpháirtíocht cheannaireachta mhéadaithe i dtionscnaimh chomhionannais agus comhtháthú níos fearr ar bhreithnithe comhionannais i bpleanáil oibríochtúil |
| | Líon na stáisiún dóiteáin a sainaithníodh a uasghrádú chun áiseanna leasa agus athraithe leordhóthanacha agus cuí a chur ar fáil do gach inscne | • Cuireadh oibreacha athchóirithe chun cinn faoin bplean oibreacha caipitil, agus cuimsíodh caighdeáin chomhionannais agus inrochtaineachta i ngach mionteagasc dearaidh. Comhairliúchán feabhsaithe le pearsanra an stáisiúin agus le foirne deartha lena chinntiú go léiríonn áiseanna riachtanais lucht saothair éagsúil |
| | Méadú ar iarratais ó mhná agus ó ghrúpaí mionlaigh i gcomparáid le feachtais roimhe seo | • For-rochtain spriocdhírithe agus teachtaireachtaí cuimsitheacha curtha chun feidhme in ábhair earcaíochta; níos mó infheictheachta ar bhranda fostóirí uilechuimsitheacha Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Comhoibriú le hOifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le heagraíochtaí pobail chun bealaí for-rochtana a neartú agus sonraí déimeagrafacha a rianú |

| Athbhreithniú ar Chomhionannas | Príomhtháscairí Feidhmíochta | Nuashonrú ar an Dul Chun Cinn |
|---|---|---|
| | Tuairisciú bliantúil ar ghealltanais Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath um chomhionannas agus cearta an duine faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí | • Tá gníomhaíochtaí Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath ailínithe le creat corparáideach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus tuairiscíodh iad tríd an bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil agus tuarascálacha ar dhul chun cinn Dhualgas na hEarnála Poiblí. Ionchuimsiú córasach an fhaireacháin ar chomhionannas agus ar chearta an duine laistigh de phróisis tuairiscithe bainistíochta Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath |
| | Bunú coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath | • Bunú coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, áit inar tionóladh 6 chruinniú le 12 mhí anuas. Rinneadh athbhreithniú ar fhíor-shaincheisteanna laethúla agus bunaíodh meithleacha atá dírithe ar ghníomhaíocht |
| | Iniúchadh ar bheartas corparáideach comhroinnte oibre | • Iniúchadh leanúnach ar bheartas corparáideach comhroinnte oibre agus comhroinnt oibre a thriail d'fhoireann oibríochta Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath |
| | Athbhreithniú agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme | • Athbhreithniú agus Plean Gníomhaíochta Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme go leanúnach chun ionchuimsiú inscne agus comhionannas san ionad oibre a chur chun cinn |
| | Plean Forfheidhmithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Chomhionannas agus Cearta an Duine san hEarnáil Phoiblí a chur i chun feidhme | • Gníomhaíochtaí Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath arna n-ailíniú le straitéis níos leithne na Comhairle chun comhionannas agus cearta an duine a leabú thar gach feidhm roinne |

## 5.7 An Roinn Dlí

| Beartas, Plean, Straitéis | Nuashonrú ar an Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Próiseas na nIarratas ar Fhaisnéis Phoiblí | • An chéad chéim den phróiseas um Measúnú Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine (EHRIA) curtha i gcrích<br>• Athbhreithniú ar phróiseas na nIarratas ar Fhaisnéis Phoiblí atá ar siúl<br>• Mír atá le tabhairt ar aghaidh mar ghealltanas Dualgais isteach i bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2026<br>• Feasacht na foirne ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a ardú: Chríochnaigh seisear ball foirne oiliúint Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le Dualgas um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Rinne ball foirne amháin cúrsa ríomhfhoghlama um Chomhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí de chuid Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a thabhairt i gcrích |

# 6. Teagmháil agus tuilleadh eolais

An Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CÉI)

Bloc 4, Urlár 4, Oifigí na Cathrach, Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8

Ríomhphost: EDI@dublincity.ie

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council


| | |
|---|---|
| Human Resources Department | An Rannóg Acmhainní Daonna |
| Civic Offices, Wood Quay, | Oifigí Cathartha, Cé an Adhmaid, |
| Dublin 8. | Baile Átha Cliath 8. |
| D08 RF3F | D08 RF3F |
| Tel: 01 222 8044 / 2 | Teil: 01 222 8044 / 2 |
| Email: hr@dublincity.ie | Ríomhphost: hr@dublincity.ie |
| Web: www.dublincity.ie | Gréasán: www.dublincity.ie |


| | |
|---|---|
| This document can be made available in large print, High Contrast Print and Braille on request. | Is féidir an doiciméad seo a chur ar fáil i gcló mór, i gClÓ Ardchodarsnachta agus i mBraille ach é a iarraidh. |